Scéim Forbartha Cine4 2026/2027

Spriocdháta: 4.00pm, Dé Aoine an 5 Feabhra 2027
Torthaí: Cuirfear na hiarratasóirí a n-éireoidh leo ar an eolas faoi dheireadh mhí Márta 2027.

CINE4:

Tá TG4, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán ag tabhairt cuireadh do léiritheoirí neamhspleácha tograí úra, uaillmhianacha do phríomhscannáin Ghaeilge a chur isteach lena mbreithniú le haghaidh forbartha.

Ó bunaíodh CINE4, tá ról lárnach aige i bhfás agus i bhforbairt scannánaíocht na Gaeilge, ag tacú le scannáin a bhfuil lucht féachana bainte amach acu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus ag léiriú shaibhreas, éagsúlacht agus neart cruthaitheach na scéalaíochta comhaimseartha trí Ghaeilge.

Tá an chéad ghlúin eile de phríomhscannáin shainiúla Ghaeilge á lorg anois againn – scannáin a cheapfar agus a fhorbrófar ón tús i nGaeilge, a mbeidh ardchaighdeán cineamatach, fís láidir chruthaitheach agus uaillmhian shoiléir don scáileán mór ag baint leo agus a mbeidh sé de chumas acu lucht féachana a mhealladh agus dul i bhfeidhm orthu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tosaíochtaí Cruthaitheacha CINE4:

Tá CINE4 tiomanta do scríbhneoirí Gaeilge a fhorbairt agus do ghlúin nua de thallann chruthaitheach a chothú. Cuirimid fáilte ar leith roimh thograí a thugann deis do ghuthanna nua agus do thallann úr teacht chun cinn i réimse na príomhscannán Gaeilge.

Táimid ag lorg scéalta láidre, úra agus mealltacha, le carachtair dhea-fhorbartha, teannas drámatúil, doimhneacht mhothúchánach agus insint scéil a bhfuil fíoruaillmhian agus caighdeán amharclainne ag baint leo. Ba mhaith linn scéalta comhaimseartha a bhfuil ábharthacht ag baint leo, a bhfuil rud éigin le rá acu faoin saol agus faoin tsochaí ina mairimid agus a bhfuil luí ag lucht féachana an lae inniu leo.

Tá spéis ar leith againn i dtograí a léiríonn tuiscint shoiléir ar an lucht féachana a bhfuil siad dírithe orthu ach a bhfuil sé de chumas acu freisin lucht féachana níos leithne a mhealladh, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Cuirimid fáilte roimh scannáin i réimse leathan seánraí agus toin, dírithe ar lucht féachana d'aoiseanna éagsúla, idir dhaoine óga, dhaoine fásta agus teaghlaigh. D'fhéadfadh scéinséir, greann, rúndiamhair, aoir, eachtraíocht nó scéalta a thugann éalú ón ngnáthshaol a bheith i gceist.

Thar aon rud eile, táimid ag lorg scannán a chuirfidh iontas ar an lucht féachana, a spreagfaidh agus a chorraitheoidh iad, a thabharfaidh dúshlán dóibh, a rachaidh i bhfeidhm orthu agus a choinneoidh ar chorr an tsuíocháin iad. Scannáin a léireoidh saibhreas agus éagsúlacht ár gcultúir chomhaimseartha agus a thabharfaidh léargas úr, dána agus sainiúil ar an saol trí Ghaeilge.

Maoiniú

Tá ceithre chéim sa scéim:

Céim 1: Roghnú Tionscadal
Roghnófar suas le **4 thionscadal** le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim forbartha. D'fhéadfaí iarraidh ar iarratasóirí freastal ar agallamh le TG4 agus Fís Éireann mar chuid den phróiseas gearrliostaithe.

Céim 2: Forbairt – Céim a hAon
Suas le **€30,000** do gach ceann de na 4 thionscadal roghnaithe.

Céim 3: Forbairt – Céim a Dó
Roghnófar **2 thionscadal** ó na ceithre thionscadal a fhorbrófar agus gheobhaidh siad sin **€25,000 breise** chun forbairt bhreise a dhéanamh.

Céim 4: Léiriú
Tar éis próiséas cuimsitheach forbartha agus measúnaithe agus nuair a bheidh aontú eagarthóireachta faighte ó TG4 agus Fís Éireann, féadfaidh na tionscadal roghnaithe a chur ar aghaidh chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú léirithe ó Fís Éireann agus ó Chiste Fís & Fuaim de chuid Choimisiúin na Meán. Beidh ar gach togra iarratas léirithe a dhéanamh trí na babhtaí maoinithe cuí agus de réir critéir, riachtanais agus treoirlínte na foinsí maoinithe sin.

Buiséad léirithe: €1.8 milliún san iomláin.

Príomhchritéir Incháilitheachta

Tá an babhta seo oscailte do chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, a bhfuil na cearta riachtanacha ar an ábhar acu agus a bhfuil an taithí agus an cumas cuí léirithe acu chun príomhscannán Gaeilge a fhorbairt agus a léiriú.

Ní mór do gach togra na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Príomhscannán ficsin beo-aicsin idir 90 agus 120 nóiméad atá i gceist. Ní ghlacfar le tionscadail bheochana.
- Ní mór an tionscadal/script a cheapadh agus a fhorbairt ón tús i nGaeilge agus cloí le Polasaí Gaeilge TG4**.**

- Ní mór scríbhneoir Gaeilge a bheith ceangailte leis an tionscadal agus scríbhneoir agus stiúrthóir a bhfuil Gaeilge líofa aige a bheith ainmnithe mar chuid den fhoireann chruthaitheach.
- Ní féidir leis an duine céanna a bheith ina léiritheoir agus ina stiúrthóir ar an tionscadal.
- Ní ghlacfar le tionscadail a fuair maoiniú forbartha cheana féin ó TG4, Fís Éireann nó ó ghníomhaireacht eile**.**
- Ba cheart go mbeadh prionsabail na héagsúlachta, an chothromais agus an ionchuimsithe ina mbunchloch ag gach togra, os comhair an cheamara agus taobh thiar de.
- Níl mic léinn lánaimseartha ná páirtaimseartha incháilithe.
- Ní féidir le buiséad iomlán an tionscadail a bheith níos mó ná €1.8 milliún.

Ábhar Riachtanach

Cuir na nithe seo a leanas isteach i gcomhad **PDF amháin**:

- Loglíne (25 focal ar a mhéad)
- Achoimre ghearr (alt amháin)
- Achoimre ar an scéal (10-15 leathanach)
- Cur síos ar an bhfís scannánaíochta, ar an gcur chuige cruthaitheach agus ar an uaillmhian don scáileán mór.
- Cur síos ar na príomhcharachtair, a bhforbairt agus a n-aistear síceolaíoch agus mothúchánach tríd an scéal.
- Nótaí an scríbhneora – an spreagadh atá taobh thiar den scéal, an fáth go bhfuil sé tábhachtach é a insint agus an tionchar atáthar ag iarraidh a imirt ar an lucht féachana.
- Nótaí an stiúrthóra (mar thuas)
- Nótaí cruthaitheacha an léiritheora
- Tagairtí amhairc/Pitch Deck – ábhar físiúil a léiríonn stíl, atmaisféar agus ton an scannáin, mar aon le tagairtí do scannáin eile a thugann léargas ar an bhfís chruthaitheach.
- Beathaisnéisí gearra ar an léiritheoir, scríbhneoir agus stiúrthóir
- Buiséad forbartha
- Fianaise ar úinéireacht na gceart

Tuilleadh Eolais
Tá foireann TG4 ar fáil chun cruinnithe gearra comhairleacha a shocrú le hiarratasóirí.

Má tá ceisteanna agat, déan teagmháil le:
maire.ni.chonlain@tg4.ie nó maryellen.ni.chualain@tg4.ie

Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin. https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí ***'CINE4'*** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig caithriona.nichurraoin@tg4.ie nó lauren.nimhaoileanaigh@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Caithfear a bheith cláraithe mar Chuideachta Theoranta.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.